C/2025/102

10.1.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An t-athrú aeráide agus an tionchar atá aige ar an ngeilleagar

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/102)

Rapóirtéir: **Juraj SIPKO**

Comhairleoir	Petr ZAHRADNÍK (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus Comhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta
Dáta a glactha sa rannóg	11.10.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	23.10.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	591
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	130/3/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Cuireann CESE i gcuimhne gurb í an ghníomhaíocht dhaonna is mó is cúis leis an athrú aeráide. Is iad torthaí an athraithe aeráide go bhfuil ardú ag teacht ar leibhéal na mara, go bhfuil an teocht ag dul in airde, go mbíonn falscaithe ann go minic, mar aon le stoirmeacha móra a mbíonn tuilte ann go forleathan dá ndeasca. Fágann an t-athrú aeráide go ndéantar dochar nach mbítear ag súil leis, lena n-áirítear beatha daoine a chailleadh. Ina theannta sin, cuireann CESE i bhfáth, ó thaobh an dúlra de, go bhfuil an uile ní fite fuaite ina chéile. Más ar cothrom an dúlra, is maith a fheileann na cúinsí don fhás maith eacnamaíoch agus do shláinte an phobail. Fágann sé sin gur gá **straitéis fhadtéarmach a ghlacadh d'fhonn an tsláinte phoiblí a chosaint** ar thorthaí an athraithe aeráide nach bhfuil aon choinne leo.

1.2. Tá CESE den tuairim gur bagairt eiseach ar an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta i mBallstáit an Aontais é an t-athrú aeráide agus go n-imríonn sé fíor-dhrochthionchar ar an bhforbairt mhaicreacnamaíoch agus mhicreacnamaíoch, ar an gcobhsaíocht airgeadais agus shóisialta, ar an mbonneagar agus ar shláinte an duine.

1.3. Cuireann CESE i bhfáth nár cheart moill a dhéanamh ach na bearta uile is gá a ghlacadh chun na hastaíochtaí a laghdú (maolú) agus an tAontas a chur in oiriúint do na cúinsí nua (oiriúnú), lena n-áirítear praghsanna a ghearradh ar astaíochtaí agus cáin ar charbóin a thabhairt isteach i gcomhréir leis an moladh is déanaí ón gCoimisiún. Ba cheart príomh-mhéadracht a dhéanamh de chostas sóisialta na dé-ocsaíde carbóin, lena dtomhaistear luach airgid an damáiste a dhéantar don tsochaí mar gheall ar gach tona méadrach breise d'astaíochtaí CO2 chun beartas aeráide a fhoirmiú san Aontas Eorpach).

1.4. An infheistíocht is gá a dhéanamh mar chuid den réiteach ar an athrú aeráide, measann CESE gur deis eacnamaíoch shuntasach í leis an ollchumas nuálaíochta agus forbartha atá i mBallstáit an Aontais a chothú agus a chur chun tairbhe. Toradh eile a bheidh uirthi ná athrú ó bhonn nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i leagan amach an gheilleagair agus na sochaí araon. Tá comhthoil leathan shóisialta ag teastáil sa chomhrac seo in aghaidh an athraithe aeráide. Tá CESE ag iarraidh go ndéanfaí an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chomhtháthú sa phlé ar an aistriú aeráide ar gach leibhéal.

1.5. Cuireann CESE i bhfios, de bhreis ar an acmhainneacht luachmhar fáis a chur chun tairbhe, gur toradh fadtéarmach a bheidh ar an bhfreagairt eacnamaíoch ar an athrú aeráide na costais oibriúcháin a laghdú ó thaobh an gheilleagair agus na sochaí de. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach na seachtrachtaí diúltacha a dhéanann dochar don chomhshaol agus a chuireann le drochthionchar an athraithe aeráide a laghdú.

1.6. Tuigeann CESE go maith nach beag an dúshlán a bhaineann leis an bhfreagairt don athrú aeráide, idir an infheistíocht agus na hiarrachtaí fioscacha agus airgeadais atá ag teastáil, aithníonn sé freisin nach mór sócmhainní ollmhóra tréigthe a sheachaint freisin, ar sócmhainní iad sin a tréigeadh mar gheall ar chlaochlú de thoradh an athraithe aeráide. Caithfear a bheith cinnte nach dtiocfaidh a thuilleadh éagothroime eacnamaíoch chun cinn de dheasca na hoibre sin, cuir i gcás go gcuirfí ar bhonn neamh-inbhuanaithe na heasnaimh sa bhuiséad agus an fiachas poiblí agus go mbainfí an bonn den chobhsaíocht san earnáil airgeadais, i dtionscal an árachais go háirithe.

1.7. Dá dtabharfaí freagairt mhíchuí ar na fadhbanna a bhaineann leis an athrú aeráide nó dá ndéanfaí faillí sa cheist, tuigeann CESE go maith go bhféadfadh sé go mbeadh baol ollmhór ann, ó thaobh an fháis eacnamaíoch de, agus, ina dhiaidh sin, ó thaobh na sochaí de. D'fhéadfadh sé go dtiocfadh boilsciú gan srian chun cinn freisin, go háirithe an boilsciú de bharr costbhrú, agus, sa deireadh thiar, go mbeadh titim dhíobhálach ar na caighdeáin mhaireachtála.

1.8. Dar le CESE, tá sé ríthábhachtach nach ndéanfar beag is fiú den ghné dhaonna, sa chiall is leithne den choincheap, agus aghaidh á tabhairt ar an athrú aeráide. Is dócha go spreagfaidh an t-athrú aeráide athruithe bunúsacha agus fadtéarmacha i margadh an tsaothair, go mbeidh lucht saothair níos athléimní agus níos solúbtha ag teastáil, mar aon leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil i réimsí nua.

1.9. Cuireann CESE i bhfáth gur gá bearta a ghlacadh agus a chur chun feidhme lena chinntiú go ndéanfar anailís, measúnú, agus réamhaisnéis chórasach ar thionchar an athraithe aeráide ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta na mBallstát. De bhreis ar na hastaíochtaí a laghdú (maolú riosca fhioscaigh), ba cheart na bearta a dhíriú ar na hathruithe ba cheart a dhéanamh ar struchtúr an gheilleagair (oiriúnú don riosca idirthréimhseach) agus ar na próisis a tugadh ar an bhfód mar gheall ar an athrú aeráide agus an tionchar atá imeartha aige sin ar na sreafaí imirce idirnáisiúnta nach féidir a thuar.

1.10. Bíonn tionchar ag an athrú aeráide ar gach tír ar cuid den gheilleagar domhanda í. Ina fhianaise sin, mar fhreagairt ar an athrú aeráide, creideann CESE gur gá gach beart a dhéantar a chomhordú agus a ailíniú ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ina fhianaise sin, tá CESE go mór i bhfabhar iarrachtaí an Aontais an aird is mó is féidir a thabhairt ar an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide. Beidh tiomantas comhchoiteann i gceist leis sin ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal fonáisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal domhanda, i ngach réimse lena n-áirítear réimsí eacnamaíocha agus sóisialta, agus beidh róil agus freagrachtaí soiléire dea-shainithe ag gach leibhéal den phróiseas cinnteoireachta.

2. **Cúlra agus fíricí bunúsacha**

2.1. Le ceithre bliana anuas, bhí trí thurraing sheachtracha agus shistéamacha le sárú ag geilleagair Bhallstáit an Aontais. Bhí drochthionchar amach is amach ag COVID-19, coinbhleachtaí míleata agus an t-athrú aeráide ar gheilleagair Bhallstáit an Aontais. Is bagairt eiseach é an t-athrú aeráide, ceann de na turraingí sin, ar thuilleadh forbartha a dhéanamh ar gheilleagair thíortha an Aontais sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

2.2. Beidh na costais a bhaineann le neamhghníomhú ar son na haeráide an-ard. Léirítear costais bhliantúla EUR 600 billiún don tréimhse 2024-2030 sna réamhshonraí. Beidh tionchar díreach ag aschur eacnamaíoch a chailltear mar gheall ar mhortlaíocht mhéadaithe, sláinte níos measa, táirgiúlacht laghdaithe agus beatha níos giorra ar ionchais eacnamaíocha, go háirithe agus an cineál tionchair easpónantúil (ní líneach) ó gach tona breise CO2 a astaítear á chur san áireamh. Mar shampla, de réir thuarascáil Lancet 2023 ([1]) cailleadh 490 billiún uair an chloig oibre táirgiúla ar an leibhéal domhanda in 2023 mar gheall ar thonnta teasa amháin, agus leanfaidh an líon sin de bheith ag ardú i gcomhréir le treochtaí teasa. Dá bhrí sin, má chuirtear an maoiniú siar le haghaidh an mhaolaithe agus an oiriúnaithe araon, beidh tionchar diúltach ollmhór aige sin ar an ngeilleagar foriomlán, ar an mbonneagar foriomlán agus ar an talmhaíocht fhoriomlán, agus ar shláinte an phobail chomh maith. Bunaithe ar na breithnithe sin, is léir gur cheart go mbeadh an t-athrú aeráide ina phríomhthosaíocht bheartais ag an Aontas agus ag na Ballstáit. Ó thaobh na n-institiúidí de, le glacadh an Chomhaontaithe Ghlais ([2]), cuireadh sraith ceanglas substainteach agus sistéamach i bhfeidhm i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus an tionchair gan choinne nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ar na réimsí tábhachtacha ar fad a dhéanann difear suntasach do gheilleagar an Aontais.

([1]) Tuarascáil 2023 ó Lancet Countdown ar an tsláinte agus ar an athrú aeráide.
([2]) *An Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích*.

2.3. Tá tionchar láithreach ag an athrú aeráide ar tháscairí maicreacnamaíocha, ar chobhsaíochtaí airgeadais agus sóisialta, ar an bhfíorgheilleagar, ar thrádáil idirnáisiúnta, ar an mbonneagar agus ar thalmhaíocht, lena n-áirítear sláinte an phobail. Ina theannta sin, is diúltach an tionchar a bheidh ag an athrú aeráide ar dhaoine scothaosta agus ar an daonra atá ag dul in aois, rud a mhéadóidh an ráta básmhaireachta. Bíonn tionchar ar leith aige ar dhaoine scothaosta agus ní mór dóibh a ndálaí maireachtála a chur in oiriúint dó. Déantar difear do leanaí agus do dhaoine óga freisin.

2.4. Sa réimse airgeadaíochta, ar an leibhéal maicreacnamaíoch, tá sé á thabhairt dá aire ag CnaR go meastar go mbeidh rátaí boilscithe níos airde ann agus, dá bhrí sin, go dtiocfaidh méadú ar na rátaí úis de dheasca an athraithe aeráide. Chomh maith leis sin, meastar go dtiocfaidh laghdú ar dhálaí oibre, go mbeidh dálaí sa mhargadh saothair níos deacra, go dtiocfaidh laghdú ar tháirgiúlacht saothair agus, dá bhrí sin, go dtiocfaidh moill ar an bhfás eacnamaíoch agus sin ar fad mar gheall ar an athrú aeráide freisin. Ó thaobh cúrsaí fioscacha de, ceann de thorthaí an athraithe aeráide go mbaineann costais bhreise le tubaistí nádúrtha, tuilte, dóiteáin foraoise agus le bonneagar a ndearnadh damáiste dó ([3]). Thairis sin, tá tionchar suntasach aige ar chomhardú seachtrach gheilleagair thíortha aonair an Aontais.

2.5. Is féidir an t-athrú aeráide a mheas mar sheachtracht dhiúltach. Ba cheart a chur i bhfios go láidir, mar thoradh ar an tseachtracht dhiúltach sin (i gcomhréir le próisis an mhaolaithe agus an oiriúnaithe), go bhféadfadh méaduithe breise teacht ar na costais a bhaineann le táirgeadh earraí agus soláthar seirbhísí, rud a chuireann bac ar fhás eacnamaíoch inbhuanaithe cuimsitheach san fhadtéarma.

2.6. Ar an leibhéal eacnamaíoch, tá sé tábhachtach astaíochtaí agus truailliú iarmhartach a laghdú agus a dhíothú de réir a chéile ar an dóigh is éifeachtúla agus is féidir mar fhreagairt don athrú aeráide. Dá bhrí sin, chun an chothromaíocht aeráide agus inbhuanaitheacht na haeráide a athbhunú, ní mór bearta a ghlacadh agus a chur chun feidhme lena ndíreofar orthu siúd is mó a chuireann leis an truailliú agus, ar an gcaoi sin, a bhaineann an bonn de bhunphrionsabail na forbartha inbhuanaithe.

2.7. Cé go mbeidh cuid mhaith infheistíocht bhreise ag teastáil chun truailliú leanúnach an phláinéid a laghdú agus deireadh a chur leis de réir a chéile, seachnófar na costais a bhaineann leis an athrú aeráide, rud a bheidh ina bhuntáiste fadtéarmach. Na costais dhíreacha agus indíreacha a bhaineann le hiarmhairtí an athraithe aeráide, is féidir leo tionchar suntasach a imirt ar earnálacha aonair seachas an mhonaraíocht, cuir i gcás earnáil an árachais agus na talmhaíochta, agus ar réimsí gníomhaíochta agus réigiúin atá bunaithe ar shamhail thraidisiúnta na monaraíochta dianfhuinnimh.

2.8. Mar chuid den aistriú leanúnach i dtreo geilleagar glas agus digiteach, tá sé ríthábhachtach tabhairt faoi athruithe struchtúracha cuimsitheacha forleathana a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ní hamháin ar leagan amach na gcóras eacnamaíoch agus sóisialta ach ar an gcaoi a n-oibríonn siad freisin. Dá bhrí sin, tá comhpháirtíochtaí agus próisis chomhtháite il-gheallsealbhóra fíor-riachtanach.

2.9. Tá sé tábhachtach aird a tharraingt ar na hiarmhairtí agus na costais a thiocfaidh chun cinn mura dtugtar aghaidh ar an athrú aeráide (costais na neamhghníomhaíochta); déanfar suaitheadh do-aisiompaithe de réir a chéile ar na dálaí aeráide, tiocfaidh meath ar shláinte an daonra agus, dá thoradh sin, tiocfaidh laghdú ar an táirgiúlacht saothair agus ar fheidhmíocht fhoriomlán an gheilleagair ina iomláine.

2.10. Tá an-chuid infheistíochta de dhíth chun dul i ngleic leis an athrú aeráide. Measadh gur thart ar EUR 480 billiún a bheadh de dhíth ar an meán in aghaidh na bliana chun cuspóirí aeráide agus fuinnimh 2030 a bhaint amach. Agus an nasc le próiseas an chlaochlaithe dhigitigh á chur san áireamh agus chun uathriail straitéiseach oscailte a áirithiú (i gcomhréir le REPowerEU) ([4]), is EUR 3 200 billiún a bheidh sna costais sin i ndáiríre ([5]). Beidh teorainn leis na hacmhainní poiblí a bheidh ar fáil chun déileáil leis sin, rud a fhágann go mbeidh acmhainní príobháideacha ag teastáil freisin lena bhféadfar an cistiú le haghaidh na réimsí tosaíochta freagartha don athrú aeráide a chumhdach.

2.11. Ní mór ceapadh agus cur chun feidhme na mbeart maidir leis an athrú aeráide a bheith comhsheasmhach le próisis eile atá ar siúl faoi láthair freisin sa gheilleagar domhanda, rud a áiritheoidh feidhmiú éifeachtúil an Aontais. Baineann siad sin go príomha leis an teannas geopholaitiúil atá ann faoi láthair agus le forbairtí geo-eacnamaíocha, leis an tslándáil eacnamaíoch, bia, fuinnimh agus sláinte, chomh maith leis an gcobhsaíocht shóisialta agus leis an iomaíochas inbhuanaithe a áirithiú ([6]).

([3]) *Uirlisí le haghaidh Oiriúnú don Athrú Aeráide.*
([4]) *REPowerEU: Fuinneamh níos inacmhainne, níos sláinte agus níos inbhuanaithe don Eoraip*.
([5]) *REPowerEU: Fuinneamh níos inacmhainne, níos sláinte agus níos inbhuanaithe don Eoraip*.
([6]) *Green growth and competitiveness in EU climate policy: paradigm shift or 'plus de la même chose'?*, Oscar Fitch-Roy agus Ian Bailey, Iúil 2023.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Cuireann CESE i bhfios go láidir go bhfuil dlúthbhaint ag cáilíocht an chomhshaoil le sláinte an duine agus le fás eacnamaíoch atá inbhuanaithe, cuimsitheach, athléimneach agus marthanach. Is léir go mbíonn tionchar ag an timpeallacht ar shláinte daoine. Dá bhrí sin, chun go mbeidh geilleagair shláintiúla againn i mBallstáit an Aontais, tá daoine sláintiúla uainn a chuirfidh le táirgiúlacht saothair níos airde, rud a mbeidh iomaíochas níos airde, caighdeáin mhaireachtála níos airde agus fás eacnamaíoch ar ardcháilíocht mar thoradh air.

3.2. Cuireann CESE in iúl gurb é an rud is fearr le déanamh mar fhreagairt ar an athrú aeráide na deiseanna nua a chuirtear ar fáil sa réimse sin leis an acmhainneacht theicneolaíoch agus nuálaíochta a thapú don gheilleagar agus d'earnáil an ghnó. Mura dtugtar freagairt láithreach ar leibhéal an Aontais ar an dúshlán sin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, d'fhéadfadh laghdú breise teacht ar sheasamh thíortha an Aontais sa gheilleagar domhanda ó thaobh a sciar de OTI domhanda de (rud a thit ó 25 % go 18 % idir 2005 agus 2023) ([7]).

3.3. Agus aghaidh á tabhairt ar iarmhairtí na géarchéime aeráide, ba cheart tagairt a dhéanamh do na hionstraimí aonair a bhaineann le rioscaí fisiceacha agus rioscaí aistrithe ([8]):

3.3.1. Uirlisí TFC: Ní bheifear in ann an t-aistriú a chur i gcrích gan na huirlisí TFC. Agus aghaidh á tabhairt ar thionchar iarmhairtí díobhálacha an athraithe aeráide ar an ngeilleagar ina iomláine, ní mór feasacht a mhúscailt i dtaca le conclúidí na n-anailísí ar na costais bhreise infheistíochta a mbeidh gá leo agus iad a chur in iúl ar bhealach córasach agus oibiachtúil. Is cosúil go bhfuil géarghá le staidéar tionchair soiléir atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne ina leagtar amach, le fianaise, an réasúnaíocht agus an gá atá le gníomhaíocht chomhordaithe ar mhórscála a dhéanamh mar fhreagairt don athrú aeráide.

3.3.2. Dreasachtaí: beidh sé riachtanach díriú ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm beartas agus ionstraimí iomchuí chun glacadh na mbeart maidir leis an athrú aeráide a spreagadh. Cuir i gcás córas trádála astaíochtaí an Aontais (CTA AE), ionstraimí cánach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol agus don aeráid, agus creat airgeadais inbhuanaithe, bunaithe ar phrionsabal na 'hábharthachta dúbailte', rud lena éascaítear gur féidir leis an earnáil idirghabhála airgeadais an t-aistriú glas a chistiú. Ina theannta sin, ní mór dreasachtaí eile, amhail fóirdheontais, a dhíriú ar inbhuanaitheacht aeráide agus chomhshaoil, go háirithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, foinsí fuinnimh in-athnuaite, an geilleagar ciorclach, an tsoghluaisteacht ghlan, agus úsáid talún in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta, etc.

3.3.3. Ionstraimí rialála agus smachtbhannaí: in-fhorfheidhmitheacht na rialacha, na cuspóirí a leagtar amach agus na ceanglais shonraithe faoin gComhaontú Glas mar aon le spriocanna forbartha inbhuanaithe do 2030, a leagtar amach go soiléir sa phacáiste 'Oiriúnach do 55' ([9]). I ndáil leis seo, ba cheart a chur i dtábhacht nach mór do na príomhtháscairí a bheith ceangailteach ó thaobh dlí de ar an Aontas ina iomláine agus ar bhonn *pro rata* freisin ar na páirtithe aonair lena mbaineann, agus i gcás neamhchomhlíonadh, ba cheart é a bheith indéanta smachtbhannaí láithreacha éifeachtacha a fhorchur, agus an córas in-fhorfheidhmitheachta á úsáid ar an leibhéal praiticiúil. Áirítear sa Chomhaontú Glas don Eoraip freisin spriocanna agus bearta earnáilsonracha. Tá roinnt sásraí i bhfeidhm is féidir a úsáid i gcás nach mbaintear amach spriocanna atá ceangailteach ó thaobh dlí de.

3.3.4. An tionchar ar an lucht oibre agus na dálaí oibre: níor cheart go mbeadh drochthionchar ar an tuarastal ná na dálaí oibre ag an obair chun na spriocanna aeráide a bhaint amach, in ainneoin na n-infheistíochtaí móra a bhfuil gá leo. Caithfear breathnú ar an athrú aeráide mar dheis infheistíochta ar mhaithe le scileanna a chothú agus comhpháirtíochtaí a thógáil leis an lucht oibre agus an tsochaí shibhialta ionas go n-éireoidh leis na bearta atá le dul i ngleic leis an aistriú aeráide. Is gné riachtanach den tógáil muiníne agus de rath an aistrithe aeráide poist a chosaint ó ní bheidh aistriú ar bith ann gan aistriú sóisialta.

3.4. Creideann CESE gur féidir leis an bhfreagairt chomhordaithe ar an athrú aeráide borradh suntasach a chur faoi fhás foriomlán gheilleagar an Aontais sna réimsí a leagtar amach sa phacáiste 'Oiriúnach do 55', ar choinníoll go ndéanfar measúireacht *ex ante* ar dhéine na hinfheistíochta agus ar an toradh ar infheistíocht i gcomhréir le measúnú tionchair.

([7]) *World Economic Outlook Database*.
([8]) *Key steps to manage climate risks to protect people and prosperity*.
([9]) *Fáilte curtha ag an gCoimisiún roimh chur i gcrích phríomhreachtaíocht 'Oiriúnach do 55', rud a chuir an tAontas ar an mbóthar ceart chun spriocanna 2030 a shárú*, preaseisiúint, 9 Deireadh Fómhair 2023.

3.5. Tá sé beartaithe ag CESE go bhféadfadh tionchar dearfach a bheith ag an bhfreagairt don athrú aeráide san fhadtéarma, go háirithe maidir le deireadh a chur le seachtrachtaí diúltacha, agus go mbeifear in ann caipiteal a leithdháileadh ar bhealach níos éifeachtúla ar earnálacha agus réimsí gníomhaíochta atá níos táirgiúla agus níos éifeachtúla dá bharr. Dá bhrí sin, cé gur cosúil go bhfuil cur i bhfeidhm na mórathruithe struchtúracha is suntasaí le dhá chéad bliain anuas dian ó thaobh infheistíochta de, tá seans ann go mbeidh córas eacnamaíoch níos táirgiúla, níos feidhmiúla agus níos tíosaí ar acmhainní againn mar thoradh air ([10]). Sa chomhthéacs sin, ba cheart breathnú ar an ngeilleagar ciorclach mar aon leis an margadh dramhaíola agus bainistiú dramhaíola mar ionstraimí tábhachtacha.

3.6. Tugann CESE dá aire, mar gheall ar an bpróiseas aistrithe stairiúil, go mbeidh gá le hinfheistíochtaí foriomlána a mhéadú d'fhonn earnálacha, teicneolaíochtaí, réimsí gníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí gnó nua a fhorbairt lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar shlabhraí luacha atá ann cheana agus a d'fhágfadh go mba ghá iad a chur in oiriúint do na dálaí nua (aistriú tionscal eastóscach agus trom chuig tionscail nua fuinnimh ghlain agus tionscail mhonaraíochta íseal-thruaillithe nó neamh-thruaillithe).

3.7. Creideann CESE go bhfuil difreáil idir grúpaí leochaileacha san Aontas agus grúpaí nach bhfuil chomh leochaileach céanna mar thoradh ar an bpróiseas boilscithe atá ann faoi láthair agus a bhfuil deireadh ag teacht de réir a chéile leis, arbh é an boilsciú de bharr costbhrú a raibh ról suntasach ag an bpréimh riosca ann ba mhó a raibh forlámhas aige. Cosúil leis an ngéarchéim fuinnimh, d'fhéadfadh turraing láidir neamhshiméadrach ar shaothar agus ar chaipiteal a bheith mar thoradh ar an athrú aeráide. Tá sé tábhachtach a bheith ullamh chuige sin agus na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith aige a sheachaint a mhéid is féidir, agus tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do na réigiúin sin is mó a ndéanfar difear dóibh.

3.8. Creideann CESE go mbeidh geilleagar atá ullmhaithe ó thaobh struchtúir de chun freagairt ar an athrú aeráide níos athléimní i gcás tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag an mboilsciú (de dheasca, mar shampla, luaineachtaí tromchúiseacha aeráide a dhéanann difear d'fheidhmíocht eacnamaíoch agus do tháirgiúlacht saothair sa timpeallacht ghnó), agus go seachnófar éifeachtaí díobhálacha sóisialta ([11]).

3.9. Tuigeann CESE go rímhaith gur dúshlán mór cainníochtúil agus cáilíochtúil do mhargadh an tsaothair i dtíortha an Aontais iad na bearta a bhaineann leis an bhfreagairt don athrú aeráide. Mura dtugtar freagra tapa a dhóthain nó maith a dhóthain do na bearta sin, d'fhéadfadh uaireanta oibre teoranta a bheith mar thoradh air sin, rud a mhéadóidh na rátaí dífhostaíochta ([12]). I ndáil leis sin, ba cheart a chur in iúl gur cheart do na hinstitiúidí agus na heagraíochtaí ábhartha freagairt go solúbtha do na bearta trí chúrsaí athoiliúna agus cláir oiriúnaithe a ullmhú, chomh maith le dálaí níos fearr a chruthú do mhargadh saothair solúbtha in earnálacha ina bhfuil éileamh mór ar shaothar. D'fhéadfaí an t-athrú aeráide a úsáid chun próisis athdháilte a éascú laistigh den Aontas.

3.10. Ina theannta sin, cuireann CESE in iúl gur gá feabhas a chur ar an gcóras oideachais ina iomláine, lena n-áirítear an ghairmoiliúint, agus dálaí a chruthú don fhoghlaim ar feadh an tsaoil atá i gcomhréir le ceanglais an phacáiste 'Oiriúnach do 55' agus an Chompáis Dhigitigh ([13]). D'fhonn an próiseas claochlaithe seo a chur i bhfeidhm sa chóras oideachais, beidh athruithe bunúsacha i gceist ó thaobh éileamh ar oideachas, cáilíochtaí agus scileanna an lucht saothair. Ós rud é nach féidir tionchar eacnamaíoch na dtubaistí nádúrtha ar gach aoisghrúpa sa tsochaí a thuar, beidh sé ríthábhachtach smaoineamh ar an gcaoi is fearr leis an stíl mhaireachtála a athrú, conas freagairt dó agus conas é a chosc.

3.11. Ós rud é go mbeidh méid ollmhór acmhainní airgeadais ag teastáil chun dul i ngleic i gceart leis an athrú aeráide, is cosúil nach mbeifear in ann brath ar mhaoiniú poiblí amháin. Dá bhrí sin, molann CESE go ndéanfaí na rialacha maidir le stuamacht i dtaca le hairgeadas poiblí faoi na rialacha a glacadh le déanaí maidir le rialachas eacnamaíoch ([14]) a urramú agus a chomhlíonadh ina n-iomláine.

([10]) *'European competitiveness and strategic autonomy' – The European Union and the double challenge: strengthening competitiveness and enhancing economic security*, Paolo Guerrieri agus Pier Carlo Padoan, Feabhra 2024.
([11]) *Green growth and competitiveness in EU climate policy: paradigm shift or 'plus de la même chose'?*, Oscar Fitch-Roy agus Ian Bailey, Iúil 2023.
([12]) *3 ways the climate crisis is impacting jobs and workers*, an Fóram Eacnamaíoch Domhanda, Deireadh Fómhair 2023.
([13]) *Deacáid Dhigiteach na hEorpa: spriocanna digiteacha le haghaidh 2030*.
([14]) *Uirlisí le haghaidh Oiriúnú don Athrú Aeráide*.

3.12. Cuireann CESE in iúl gur suntasach na hacmhainní airgeadais príobháideacha atá ar fáil anuas ar na cistí poiblí, cuir i gcás, na cistí árachais agus pinsin, agus an méid ard coigiltis i gcoitinne a choinnítear go minic i gcuntais reatha nó i gcuntais choigiltis (ach a fhágtar ansin de ghnáth ar feadh i bhfad) agus a d'fhéadfaí a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, de réir mar atá geallta le hAontas na Margaí Caipitil. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfaí na hacmhainní sin a úsáid chun an fhreagairt iomchuí don athrú aeráide a mhaoiniú, agus na rialacha dochta i dtaca le stuamacht airgeadais á gcur chun feidhme san am céanna.

3.13. Creideann CESE go bhféadfaí toradh a fháil ar úsáid cistí poiblí, trí ionstraimí airgeadais a úsáid lena soláthraítear, a bhuí leis an timthriall láimhdeachais, méid níos airde acmhainní i gcomparáid le fóirdheontais, ach sin ar choinníoll go n-éiríonn leis na hidirbhearta aonair sa tástáil incháilitheachta (i.e. gur féidir leo an cineál sin maoinithe a úsáid).

3.14. Cuireann CESE in iúl gur cheart, mar thoradh ar an athrú aeráide, an comhardú eacnamaíoch seachtrach foriomlán, a ndéanann iomaíochas an Aontais difear suntasach dó, a neartú (barrachas i gcuntas reatha chomhardú na n-íocaíochtaí) agus nár cheart é a lagú (easnamh sa chuntas reatha). Ní mór a mheabhrú, san am céanna, go dtiocfaidh athrú i gcónaí ar phróisis eacnamaíocha dhomhanda agus go dtarlóidh sin ag amanna difriúla agus ionstraimí éagsúla in úsáid.

3.15. D'fhonn iomaíochas gheilleagar an Aontais a neartú agus d'fhonn barrachas comharduithe eacnamaíocha seachtracha a choinneáil ar bun, leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i lárionaid na cumhachta eacnamaíche, go háirithe sna Stáit Aontaithe agus sa tSín, ach i ngeilleagair dhinimiciúla eile freisin atá ag teacht chun cinn, go háirithe tíortha na hÁise Thoir Theas ([15]).

3.16. Iarrann CESE go ndéanfaí an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil a chomhtháthú sa phlé ar an aistriú aeráide ar gach leibhéal. Tá sé tábhachtach agus iarrachtaí a roinnt go cothrom chun cur leis an nglacadh is gá ó thaobh na n-oibrithe agus na sochaí i gcoitinne de chun cur chuige aeráidneodrach a ghlacadh i leith táirgeadh earraí agus seirbhísí.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tá CESE den tuairim láidir gur cheart na huirlisí uile a úsáidtear mar fhreagairt ar an ngéarchéim aeráide a bhunú ar fhíor-intuarthacht agus gur cheart iad a bheith comhsheasmhach leis na mórthreochtaí atá ann faoi láthair ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal réigiúnach araon. Áiritheofar, ar an gcaoi sin, go mbeidh na huirlisí sin comhsheasmhach agus go ndíreoidh siad go sonrach ar shlándáil eacnamaíoch agus iomaíochas Bhallstáit an Aontais a áirithiú ([16]).

4.2. Tacaíonn CESE leis na hiarrachtaí chun aistriú dúshlánach a dhéanamh, ach cuireann sé in iúl freisin gur cheart na bearta uile a ghlactar agus a chuirtear chun feidhme a dhíriú ar fheidhmíocht eacnamaíoch agus cobhsaíocht shóisialta gheilleagair Bhallstáit an Aontais a neartú.

4.3. Molann CESE go n-áireofaí sna bearta éagsúla freisin roghanna chun lamháltais (inghlactha) níos fearr ar fhoinsí fuinnimh a úsáid agus a chothú, ar roghanna iad a mbeidh tionchar dearfach acu, le linn na hidirthréimhse, ar an gcomhshaol agus ar an aeráid i gcomparáid leis an staid reatha, cé nach iad na foinsí fuinnimh is fearr iad do chéim dheiridh an aistrithe ghlais ó thaobh na haeráidneodrachta de. Mar sin féin, níor cheart síneadh a chur leis na hidirthréimhsí, ach amháin i gcás fíor-riachtanach, toisc go gcuirfeadh sé sin moill ar an aistriú chuig fuinneamh glas, go díreach agus go hindíreach toisc go laghdófaí an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí in-athnuaite.

4.4. Measann CESE gur cheart tuilleadh solúbthachta a bheith i gceist leis an réasúnaíocht sin a mhéid a bhaineann le luas úsáide na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite, ar choinníoll go leanfaidh siad de bheith ag fás i réimsí éagsúla gnó agus gníomhaíochtaí eile (e.g. tionscal, iompar, tithíocht, etc.), agus go n-úsáidfear iad de réir amlíne réalaíoch.

([15]) *'European competitiveness and strategic autonomy' – The European Union and the double challenge: strengthening competitiveness and enhancing economic security*, Paolo Guerrieri agus Pier Carlo Padoan, Feabhra 2024.

([16]) *'European competitiveness and strategic autonomy' – The European Union and the double challenge: strengthening competitiveness and enhancing economic security*, Paolo Guerrieri agus Pier Carlo Padoan, Feabhra 2024.

4.5. Cuireann CESE in iúl go mbíonn athruithe iompraíochta sách mór ann i leith coigilteas fuinnimh tar éis tréimhsí riosca méadaithe arb é teannas geopholaitiúil agus éiginnteacht gheo-eacnamaíoch is cúis leo. Sa chomhthéacs sin, ní mór bearta éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh. Ba cheart díriú ar chlaochlú cáilíochtúil foirgneamh poiblí, tráchtála agus cónaithe le hinfheistíochtaí measartha mór, a bhfuil tacaíocht fhorleathan acu ó fhoinsí cistiúcháin an Aontais, agus imthosca sonracha náisiúnta á gcur san áireamh. D'fhéadfadh buntáiste iomaíoch suntasach a bheith i ndán don Aontas feadh an tslabhra luacha ina iomláine i dtáirgeadh, suiteáil agus seirbhísiú comhpháirteanna agus trealaimh lena bhfeabhsaítear éifeachtúlacht fuinnimh, má tá aistriú íogair chuig foinsí fuinnimh in-athnuaite i gceist.

4.6. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach measúnú soiléir, sothuigthe agus láidir a dhéanamh ar riachtanais (deireadh a chur le tionchair dhiúltacha na seachtrachtaí ar gheilleagair agus ar shochaithe Bhallstáit an Aontais, agus ar an Aontas ina iomláine, i réimse na cosanta aeráide agus comhshaoil) agus ar chostais (na hinfheistíochtaí is gá chun na riachtanais a chomhlíonadh, i mbunstruchtúr táscach a leagtar amach de réir cuspóra, foinse agus chineál an mhaoinithe).

4.7. Ba cheart an measúnú sin ar riachtanais agus ar chostais a thabhairt cothrom le dáta agus meastóireacht a dhéanamh air go rialta i bhfianaise dálaí athraitheacha i gcomhthéacs athruithe geo-eacnamaíocha agus ba cheart é a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le próisis chinnteoireachta agus don phobal i gcoitinne.

4.8. Ina theannta sin, cuireann CESE in iúl gur gá gealltanas a thabhairt sonraí a chur ar fáil don mheasúnú ar riachtanais agus costais chun go gcuirfear torthaí na n-anailísí ar thionchar an aistrithe ghlais ar an maicreacnamaíocht, ar an gcobhsaíocht airgeadais, ar mhargadh an tsaothair, agus ar an tslándáil eacnamaíoch, bia, fuinnimh agus sláinte san áireamh ([17]). D'fhéadfadh na hanailísí sin a bheith faoi réir meastóireachta faoi chuimsiú an tSeimeastair Eorpaigh.

4.9. Ina theannta sin, d'fhonn iomaíochas inbhuanaithe gheilleagar an Aontais a neartú, molann CESE don Choimisiún Eorpach faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an *Inflation Reduction Act* ([18]) sna Stáit Aontaithe agus ar an gcaoi a cuireadh chun feidhme é óir chabhródh sin le comhoiriúnacht leis na Stáit Aontaithe a bhaint amach agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann leo a chothú. Chabhródh sé freisin le comhpháirtíocht straitéiseach idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe a neartú.

4.10. In 2026, tá CESE ag dréim leis go ndéanfar anailísí níos nithiúla ar an measúnú tionchair ar bhearta a bhaineann le tabhairt isteach an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT). Dá bhrí sin, molann sé don Choimisiún Eorpach meastóireacht chuimsitheach a dhéanamh, rud a d'fhéadfadh comhoiriúnacht a fheabhsú idir an t-aistriú glas agus réimsí eile den gheilleagar domhanda.

4.11. Agus anailís á déanamh ar dhrochthionchair na géarchéime aeráide ar earnálacha éagsúla agus ar réimsí éagsúla gníomhaíochtaí ar fud an Aontais, is cosúil go mbaineann an-tábhacht le bunachar coiteann sonraí a bhunú, laistigh de na Ballstáit aonair agus ar leibhéal an Aontais araon. Dá bhrí sin, tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach bunachar sonraí cuimsitheach a fhorbairt le haghaidh na bpríomhtháscairí a bhaineann le rioscaí fisiceacha an athraithe aeráide.

4.12. Ba cheart príomh-mhéadracht a dhéanamh de chostas sóisialta na dé-ocsaíde carbóin, lena dtomhaistear luach airgid an damáiste a dhéantar don tsochaí mar gheall ar gach tona méadrach breise d'astaíochtaí CO2 chun beartas aeráide a fhoirmiú san Aontas. Is é USD 185 an meánmheastachán ar gach tona breise CO2 anois (tá sé sin 3.6 uair níos airde ná measúnú reatha rialtas na Stát Aontaithe ar USD 51 in aghaidh an tona CO_2) ([19]). Ciallaíonn sé sin go bhfuil tearcluacháil faoi thrí á déanamh againn faoi láthair ar chostas sóisialta an charbóin. San Eoraip, leis an bpraghas carbóin arna thomhas de réir phraghsanna lamháltais CTA AE (idir EUR 53 agus EUR 79 in aghaidh an tona in 2024), leagtar béim mhór freisin ar na costais shóisialta.

([17]) Tuairim ó CESE *Aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil ar an tsíocháin, ar an tslándáil agus ar an gcosaint*, IO C, C/2024/2106, 26.3.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:C_202402106.

([18]) *An tAcht um Boilsciú a Laghdú*.

([19]) Rennert, K., Errickson, F., Prest, B.C. et al. *Tugann fianaise chuimsitheach le tuiscint go mbeidh costas sóisialta níos airde ag baint le CO2*. Nature 610, 687–692 (2022).

4.13. Tá an chuma ar an scéal go ndéanfaidh an t-athrú aeráide an-dochar do shláinte an duine. Beidh tionchar díreach aige ar dhaoine, agus is mó an baol go dtolgfar galair arna dtarchur ag ainmhithe nó tríd an gcomhshaol. An baol is mó a bheidh ann don chine daonna de dheasca an athraithe aeráide is ea na galair thógálacha a bheidh ann arb iad na teochtaí níos airde, triomaigh agus ganntanas uisce, báisteach throm, tuilte agus téamh na n-aigéan is cúis leo. Meastar go rachaidh thart ar 58 % de na galair thógálacha a théann i bhfeidhm ar dhaoine in olcas mar gheall ar an athrú aeráide ([20]). Ina fhianaise sin, molann CESE don Choimisiún Eorpach plean straitéiseach a tharraingt suas chun an pobal a chosaint ar éifeachtaí na géarchéime aeráide agus ar an tionchar atá aici ar ghalair thógálacha.

4.14. Cuireann CESE in iúl, mar thoradh ar shíormhéadú na dteochtaí, go bhféadfadh triomaigh a bheith ann ar bhonn leanúnach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an aeráidimirce, mar a thugtar uirthi, agus leis na hiarmhairtí díobhálacha eacnamaíocha uile a bhaineann leis sin ([21]). Dá bhrí sin, ní mór díriú ar na príomhthosca a bhfuil tionchar suntasach acu ar an athrú aeráide, amhail méideanna méadaitheacha dramhaíola, ró-úsáid fuinnimh, agus ró-úsáid bia agus éadaí. Táirgeadh neamh-inbhuanaithe a bheidh mar thoradh air sin ar fad, rud a mbeidh truailliú breise ar an gcomhshaol mar thoradh air, agus cuirfear beatha an duine ar an bpláinéad i mbaol ar deireadh.

4.15. Beidh ganntanas uisce ann mar gheall ar an athrú aeráide. Thairis sin, meastar gur mó an seans go gcuirfear isteach ar cháilíocht an uisce, go mbeidh ganntanas uisce le haghaidh táirgeadh talmhaíochta, gur mó an baol go mbeidh ganntanas uisce ann don turasóireacht (gan an oiread sin sneachta i rith an gheimhridh agus ganntanas uisce i míonna an tsamhraidh) agus nach mbeidh dóthain uisce le haghaidh táirgeadh fuinnimh. Tá an talmhaíocht mar aon leis an lóistíocht i mbaol. Dá bhrí sin, bheadh creat cuimsitheach maidir le bainistiú uisce de dhíth. D'fhéadfaí moill a chur freisin ar an bpróiseas um maolú an athraithe aeráide atá ar siúl cheana féin mar gheall ar an nganntanas uisce ([22]) ([23]).

4.16. Cuireann CESE i bhfios go láidir gur gá laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar fhóirdheontais do bhreoslaí iontaise, ar fóirdheontais iad a dhéanann dochar ollmhór don tsláinte phoiblí agus ó thaobh thruailliú an chomhshaoil de. Ina theannta sin, ní mór cáin charbóin agus praghsanna carbóin a thabhairt isteach. In 2022, USD 7 dtrilliún a bhí sna fóirdheontais iomlána, ar luach coibhéiseach é le 7.1 % d'olltáirgeacht intíre an domhain ([24]). Sa dá bhliain idir 2020 agus 2022, tháinig méadú USD 2 thrilliún ar na fóirdheontais do bhreoslaí iontaise. Bhí na fóirdheontais do bhreoslaí iontaise réasúnta cobhsaí ag thart ar EUR 56 bhilliún sa tréimhse idir 2015-2021, ach mhéadaigh an uimhir sin go EUR 123 bhilliún in 2022 ([25]).

4.17. Déanfaidh an t-athrú aeráide an-dochar do chobhsaíocht na hearnála airgeadais, ó thaobh cúrsaí baincéireachta agus árachais de araon. Tá sé á chur in iúl ag CESE gur cheart cinntí a dhéanamh bunaithe ar na rioscaí méadaitheacha san earnáil airgeadais agus an athléimneacht i gcoinne na rioscaí sin ([26]). Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeadh na táscairí ar fad cuimsitheach. Thairis sin, tá sé tábhachtach na dálaí a chruthú lenar féidir riosca aeráide a chlaochlú ar bhealach lena n-áiritheofar infheistíocht inbhuanaithe agus lena seachnófaí, a mhéid is féidir, méideanna ollmhóra sócmhainní tréigthe a fhoirmiú.

4.18. I bhfianaise iarmhairtí an athraithe aeráide nach féidir a thuar agus nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo sa stair, beidh gá le hacmhainní airgeadais ollmhóra a úsáid chun an damáiste agus an caillteanas a eascraíonn as an ngéarchéim aeráide agus as an tionchar atá aici ar shláinte an duine a chumhdach. Is beag acmhainní poiblí atá ar fáil. Molann CESE don Choimisiún Eorpach machnamh a dhéanamh ar acmhainní airgeadais atá le cur in úsáid ag pointí criticiúla a choinneáil i leataobh chun dul i ngleic le hiarmhairtí na géarchéime aeráide, mar a bheadh saoráid/ciste éigeandála ann. Moltar don Choimisiún Eorpach staidéar a dhéanamh ar uirlisí airgeadais a d'fhéadfadh na Ballstáit a úsáid chun iad féin a chosaint.

4.19. Cuireann CESE i bhfios go láidir go mbeidh tionchar diúltach ag an athrú aeráide ar an tsochaí ós rud é go bhféadfadh sé an neamhionannas ioncaim a leathnú agus an bhochtaineacht a mhéadú ([27]). Dá bhrí sin, ba cheart dóibh siúd ar fad a bhfuil baint acu leis an gcinnteoireacht na forbairtí sin a chur san áireamh agus, i gcás inarb iomchuí, líontán sábhála sóisialta a chruthú. Sa chomhthéacs sin, fágann an t-aistriú go bhfuil sé ríthábhachtach athchóirithe cuimsitheacha a thabhairt isteach lena ndíreofar ar an inbhuanaitheacht, ar an gcuimsitheacht, ar an athléimneacht agus ar an gcothroime shóisialta.

([20]) Mora, C., et al., *Over half of known human pathogenic diseases can be aggravated by climate change*, *Nature Climate Change* 12(9), s. 869-875 (DOI: 10.1038/s41558-022-01426- 1), 2022.
([21]) *The climate crisis, migration, and refugees*, John Podesta, Iúil 2019.
([22]) *Water abstraction by source and economic sector in Europe*, EEA, 2022.
([23]) Tuairim ó CESE *Polaitíocht an uisce: ó ghaineamhlú go slándáil – tá ré na taidhleoireachta goirme linn*, IO C, C/2023/862, 8.12.2023, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/HTML/?uri=OJ:C_202300862.
([24]) *Fossil Fuel Subsidies Surged to Record $7 Trillion*, Simon Black, Ian Parry, Nate Vernon, Lúnasa 2023.
([25]) *Fossil fuel subsidies*, EEA, Samhain 2023.
([26]) *Climate-related financial risks are a major challenge*, an tAirmheán Comhpháirteach Taighde, Márta 2024.
([27]) *Géarchéim na haeráide agus an tionchar a imríonn sé ar ghrúpaí leochaileacha*, achoimre phreasa CESE, mí na Nollag 2023.

4.20. Beidh tionchar ag an athrú aeráide ar ghéarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Sa Séú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) sainaithníodh ceithre riosca don Eoraip sna blianta amach romhainn de dheasca an athraithe aeráide, agus baineann teas agus triomach le trí cinn acu: a) básmhaireacht agus galracht an daonra agus cur isteach ar an éiceachóras i ngeall ar theas; b) caillteanas táirgthe talmhaíochta mar gheall ar theas agus triomach le chéile; agus c) ganntanas uisce in earnálacha aonair ([28]) ([29]).

4.21. Tá daoine ar fud an domhain nasctha go dlúth lena chéile i sochaí an lae inniu. Tá gach tír i mbun na catha céanna i gcoinne an namhad choiteann chéanna ach ní hé sin le rá go mbeidh an tionchar céanna ag an athrú aeráide ar gach uile thír. Chun iarmhairtí diúltacha an athraithe aeráide a dhíothú a mhéid is féidir agus chun an bheatha ar an bpláinéad seo againn a chaomhnú do na glúnta atá le teacht, creideann CESE go bhfuil géarghá anois le comhar cuiditheach agus gníomhaíochtaí comhordaithe i measc na dtíortha agus na ngeallsealbhóirí uile ar fud an domhain, lena n-áirítear na hinstitiúidí iltaobhacha ábhartha.

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([28]) Bednar-Friedl, B., et al., 2022, Caibidil 13: An Eoraip, *Climate change 2022: Impacts, adaptation and vulnerability. Contribution of Working Group II to the Sixth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change*, Cambridge University Press, Cambridge, an Ríocht Aontaithe.

([29]) Bednar-Friedl, B., et al., 2022, an Eoraip. In: *Climate Change 2022: Impacts, Adaptation and Vulnerability. Contribution of Working Group II to the Sixth Assessment Report of the Intergovernmental Panel on Climate Change*, Cambridge University Press, Cambridge, an Ríocht Aontaithe agus Nua-Eabhrac, NY, lch. 1817-1927.

IARSCRÍBHINN

Leasaíodh na míreanna seo a leanas den tuairim ón rannóg d'fhonn an leasú a ghlac an Tionól agus a fuair níos mó ná an ceathrú cuid de na vótaí arna gcaitheamh a chur san áireamh (Riail 74(4) de na Rialacha Nós Imeachta):

Leasú 3

ECO/645

An t-athrú aeráide agus an tionchar atá aige ar an ngeilleagar

Pointe 3

Le leasú mar a leanas:

Tuairim ón rannóg	Leasú
Cuireann CESE i bhfáth nár cheart moill a dhéanamh ach na bearta uile is gá a ghlacadh chun na hastaíochtaí a laghdú (maolú) agus an tAontas a chur in oiriúint do na cúinsí nua (oiriúnú), lena n-áirítear praghsanna a ghearradh ar astaíochtaí agus cáin ar charbóin a thabhairt isteach i gcomhréir leis an moladh is déanaí ón gCoimisiún.	Cuireann CESE i bhfáth nár cheart moill a dhéanamh ach na bearta uile is gá a ghlacadh chun na hastaíochtaí a laghdú (maolú) agus an tAontas a chur in oiriúint do na cúinsí nua (oiriúnú), lena n-áirítear praghsanna a ghearradh ar astaíochtaí agus cáin ar charbóin a thabhairt isteach i gcomhréir leis an moladh is déanaí ón gCoimisiún. ***Ba cheart príomh-mhéadracht a dhéanamh de chostas sóisialta na dé-ocsaíde carbóin, lena dtomhaistear luach airgid an damáiste a dhéantar don tsochaí mar gheall ar gach tona méadrach breise d'astaíochtaí CO2 chun beartas aeráide a fhoirmiú san Aontas.***

Toradh na vótála

Ar son:	60
In aghaidh:	57
Staonadh:	18

Leasú 5

ECO/645

An t-athrú aeráide agus an tionchar atá aige ar an ngeilleagar

Pointe 2.2

Leasaigh mar a leanas:

Tuairim ón rannóg	Leasú
Beidh na costais a bhaineann le neamhghníomhú ar son na haeráide an-ard. Léirítear costais bhliantúla EUR 600 billiún don tréimhse 2024-2030 sna réamhshonraí. ***Má chuirtear an maoiniú siar*** le haghaidh an mhaolaithe agus an oiriúnaithe araon, beidh tionchar diúltach ollmhór aige sin ar an ngeilleagar foriomlán, ar an mbonneagar foriomlán agus ar an talmhaíocht fhoriomlán, agus ar shláinte an phobail chomh maith. ***Dá bhrí sin***, ba cheart an t-athrú	Beidh na costais a bhaineann le neamhghníomhú ar son na haeráide an-ard. Léirítear costais bhliantúla EUR 600 billiún don tréimhse 2024-2030 sna réamhshonraí. ***Beidh tionchar díreach ag aschur eacnamaíoch a chailltear mar gheall ar mhortlaíocht mhéadaithe, sláinte níos measa, táirgiúlacht laghdaithe agus beatha níos giorra ar ionchais eacnamaíocha, go háirithe agus an cineál tionchair easpónantúil (ní líneach) ó gach tona breise CO2 a***

Tuairim ón rannóg	Leasú
aeráide a bheith ***ar cheann de thosaíochtaí*** Bhallstáit an Aontais. Ó thaobh na n-institiúidí de, le glacadh an Chomhaontaithe Ghlais [***1***], cuireadh sraith ceanglas substainteach agus sistéamach i bhfeidhm i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus an tionchair gan choinne nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ar na réimsí tábhachtacha ar fad a dhéanann difear suntasach do gheilleagar an Aontais.	***astaítear á chur san áireamh. Mar shampla, de réir thuarascáil Lancet 2023 [1] cailleadh 490 billiún uair an chloig oibre táirgiúla ar an leibhéal domhanda in 2023 mar gheall ar thonnta teasa amháin, agus leanfaidh an líon sin de bheith ag ardú i gcomhréir le treochtaí teasa.*** Dá bhrí sin, má chuirtear an maoiniú siar le haghaidh an mhaolaithe agus an oiriúnaithe araon, beidh tionchar diúltach ollmhór aige sin ar an ngeilleagar foriomlán, ar an mbonneagar foriomlán agus ar an talmhaíocht fhoriomlán, agus ar shláinte an phobail chomh maith. ***Bunaithe ar na breithnithe sin, is léir gur cheart go mbeadh an t-athrú aeráide ina phríomhthosaíocht bheartais ag an Aontas agus ag na Ballstáit.*** Ó thaobh na n-institiúidí de, le glacadh an Chomhaontaithe Ghlais [**2**], cuireadh sraith ceanglas substainteach agus sistéamach i bhfeidhm i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne an athraithe aeráide agus an tionchair gan choinne nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe ar na réimsí tábhachtacha ar fad a dhéanann difear suntasach do gheilleagar an Aontais.
[1] An Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích.	[1] ***Tuarascáil 2023 ó Lancet Countdown ar an tsláinte agus ar an athrú aeráide.***
[2]	***[2]*** An Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích.

Toradh na vótála

Ar son:	63
In aghaidh:	56
Staonadh:	18

Leasú 7

ECO/645

An t-athrú aeráide agus an tionchar atá aige ar an ngeilleagar

Pointe 4.12

Pointe nua le cur isteach:

Pointe nua le cur isteach i ndiaidh an phointe atá ann cheana – ar aon leibhéal leis.

An tuairim ón rannóg	Leasú
	Ba cheart príomh-mhéadracht a dhéanamh de chostas sóisialta na dé-ocsaíde carbóin, lena dtomhaistear luach airgid an damáiste a dhéantar don tsochaí mar gheall ar gach tona méadrach breise d'astaíochtaí CO2 chun beartas aeráide a fhoirmiú san Aontas. Is é USD 185 an meánmheastachán ar gach tona breise CO_2 anois (tá sé sin 3.6 huaire níos airde ná measúnú reatha rialtas na Stát Aontaithe ar USD 51 in aghaidh an tona CO2)[1]. Ciallaíonn sé sin go bhfuil tearcluacháil faoi thrí á déanamh againn faoi láthair ar chostas sóisialta an charbóin. San Eoraip, leis an bpraghas carbóin arna thomhas de réir phraghsanna lamháltais CTA AE (idir EUR 53 agus EUR 79 in aghaidh an tona in 2024), leagtar béim mhór freisin ar na costais shóisialta.

An tuairim ón rannóg	Leasú
	[1] Rennert, K., Errickson, F., Prest, B.C. et al. Tá fianaise chuimsitheach ann a thugann le tuiscint go mbeidh costas sóisialta níos airde ann de dheasca CO_2. Nature 610, 687–692 (2022). https://doi.org/10.1038/s41586-022-05224-9

Toradh na vótála

Ar son:	67
In aghaidh:	61
Staonadh:	9